Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11977/25**

**LIMITE**

**MAMA 194**
**MED 49**
**RECH 352**
**ISR 5**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0250 (NLE)**

PUBLIC

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 620 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena gcuirtear ar fionraí go páirteach an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Iosrael, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Iosrael i gclár an Aontais, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 620 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 620 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 28.7.2025
COM(2025) 620 final

2025/0250 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena gcuirtear ar fionraí go páirteach an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Iosrael, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Iosrael i gclár an Aontais, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an togra seo le cinneadh ón gComhairle maidir le fionraíocht pháirteach ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Iosrael, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Iosrael i gclár an Aontais, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht[1]. Baineann an fhionraíocht pháirteach le rannpháirtíocht eintiteas atá bunaithe in Iosrael i ngníomhaíochtaí arna gcistiú faoi Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE).

Foráiltear le hAirteagal 2 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú Eora-Mheánmhara' anseo feasta) go mbeidh an 'Caidreamh idir na Páirtithe, chomh maith le forálacha uile an Chomhaontaithe féin, bunaithe ar urraim do chearta an duine agus do phrionsabail dhaonlathacha, lena dtreoraítear a mbeartas inmheánach agus idirnáisiúnta agus ar eilimint shár-riachtanach den Chomhaontú seo iad'.

Leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Stát Iosrael maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht Stát Iosrael i gcláir Chomhphobail[2], (dá ngairtear 'an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara' anseo feasta), bunaítear na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Stát Iosrael i gcláir an Aontais, agus fágtar faoin gCoimisiún agus faoi údaráis inniúla Iosrael na téarmaí agus na coinníollacha sonracha, lena n-áirítear ranníocaíochtaí airgeadais, a chinneadh maidir le rannpháirtíocht den sórt sin i ngach clár sonrach (Airteagal 5). Bunaíodh clár an Aontais Eorpaigh, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht – le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] (dá ngairtear 'an Clár Fís Eorpach' anseo feasta) agus tá an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Iosrael, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Iosrael i gclár an Aontais, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht[4] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) á chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021, tús an Chláir Fís Eorpach, agus cumhdaítear leis rannpháirtíocht Iosrael i gcolúin uile an Chláir.

Is faoin gComhairle atá an gníomh atá beartaithe cinneadh a ghlacadh maidir leis an gComhaontú a chur ar fionraí, bunaithe ar Airteagal 218(9) CFAE. Ba cheart an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh ionas go gceadófar – i gcomhréir le hAirteagal 79 (2) den Chomhaontú Eora-Mheánmhara – an Comhaontú a chur ar fionraí go páirteach láithreach i bhfianaise na práinne speisialta atá ann mar gheall ar an staid dhaonnúil atá ag dul in olcas go tapa i Stráice Gaza tar éis idirghabháil mhíleata Iosrael, imshuí na cabhrach daonnúla agus sáruithe ar chearta an duine, rud a d'fhéadfadh an staid ar an láthair a dhéanamh i bhfad níos measa fós.

Cáineann an tAontas ionsaithe sceimhlitheoireachta Hamas ar Iosrael, a spreag fáinne fí foréigin sa réigiún agus iarrann sé go mbeadh sos cogaidh láithreach ann in Gaza, go scaoilfí

---

[1] IO L 95, lch. 143, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2022/323(10)/oj

[2] IO L 129, 17.5.2008, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2008/372/oj

[3] IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj.

[4] IO L, 95/143, 23.2.2022, lch. 1, https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_internation/2022/323(10)/oj/eng

saor gach giall gan choinníoll agus go gcuirfí deireadh leis an gcoinbhleacht. Leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí leanúnacha taidhleoireachta chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach.

Mar thoradh ar rannpháirtíocht taidhleoireachta a rinne Ardionadaí an Aontais Eorpaigh le hIosrael, tá feabhas tagtha ar an láthair ó thaobh rochtain ar chabhair go Gaza (rochtain ag trucailí, pointí trasnaithe a oscailt, bonneagar criticiúil a atógáil) agus rannchuidigh sí freisin leis an bhfógra maidir leis an sos cogaidh daonnúil a d'fhógair Iosrael an 27 Iúil. D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, áfach, níl an t-athrú ar an scála inmhianaithe go fóill agus tá an staid dhaonnúil tromchúiseach i gcónaí.

Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil cás ann maidir le comhlachas Iosrael leis an gclár Fís Eorpach a chur ar fionraí go páirteach.

I bhfianaise na staide sin, is faoin gComhairle atá sé cinneadh a ghlacadh maidir leis an gComhaontú a chur ar fionraí, bunaithe ar Airteagal 218(9) CFAE. Ba cheart an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh – i gcomhréir le hAirteagal 79(2) den Chomhaontú Eora-Mheánmhara i gcomhar le dlí idirnáisiúnta an ghnáis mar a chódaítear in Airteagal 60 de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí idir Stáit agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta nó idir Eagraíochtaí Idirnáisiúnta (1) (3), pointe (b) VCLT – chun go bhféadfar an Comhaontú a chur ar fionraí go páirteach mar gheall ar shárú ábhartha arna dhéanamh ag Iosrael ar Airteagal 2 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, agus mar ábhar práinne speisialta, le héifeacht láithreach i bhfianaise an riosca go dtiocfaidh meath mór breise ar an staid dhaonnúil ar an láthair.

Áirítear i raon feidhme chomhlachas Iosrael leis an gclár Fís Eorpach an comhlachas le Colún 3, lena n-áirítear an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE). Cuirtear CNE chun feidhme, go háirithe, trí ghlaonna Luasaire CNE lena soláthraítear tacaíocht deontais agus infheistíochta araon d'eintitis incháilithe aonair (FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe fíorbheaga). Tá ardleibhéal ullmhachta teicneolaíochta ag an tacaíocht (leibhéil LUT 6 go 8 le haghaidh na comhpháirte deontais, agus d'fhéadfadh sé a bheith os a chionn sin le haghaidh na comhpháirte infheistíochta), rud a chiallaíonn gur dócha go gcuirfear na teicneolaíochtaí a dtacaítear leo ar an margadh laistigh de thréimhse ghearr ama. Cuirtear an tacaíocht ar fáil do gach réimse teicneolaíochta agus béim á leagan ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha agus suaiteacha. Dealraíonn sé freisin, ar an gcúis sin, gur beart iomchuí agus comhréireach é comhlachas Iosrael a chur ar fionraí maidir leis na bearta sin, beart lena bhfreagraítear do na sáruithe ar an gComhaontú Eora-Mheánmhara.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach agus comhlántach leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile, agus leis an bPrótacal lena mbunaítear an Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Stát Iosrael maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht Stát Iosrael i gcláir Chomhphobail.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le caidreamh seachtrach an Aontais (lena n-áirítear breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tar éis an chinnidh a rinne Iosrael le déanaí bac a chur ar rochtain na cabhrach daonnúla go Gaza, tá an staid dhaonnúil tar éis dul in olcas go leibhéal neamh-inbhuanaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, arna spreagadh ag buamáil leanúnach, oibríochtaí míleata, oll-easáitiú, agus cliseadh ar sheirbhísí bunúsacha. Bunaithe ar thuarascálacha ó na Náisiúin Aontaithe, bíonn ar 90 % de theaghlaigh aghaidh a thabhairt ar éiginnteacht thromchúiseach uisce agus tá rátaí míchothaithe ag ardú go mór. Léiríonn ganntanais thromchúiseacha cógas leighis, trealaimh agus foirne leighis go bhfuil géarghá le cúnamh daonnúil. Tá beagnach pobal iomlán Gaza i mbaol gorta, agus leanaí agus daoine leochaileacha i staid thubaisteach ar leith.

Chuir an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Eachtracha an 23 Meitheamh athbhreithniú ar chomhlíonadh Airteagal 2 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara ag Iosrael. Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú go bhfuil tásca ann go mbeadh Iosrael ag sárú a oibleagáidí maidir le cearta an duine faoi Airteagal 2 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara.

Bhí dlúth-rannpháirtíocht taidhleoireachta le húdaráis Iosrael ar leibhéil éagsúla ach níor tháinig athrú suntasach, inbhuanaithe ar an staid ar an láthair dá bharr.

Dá bhrí sin, tá sé de cheart ag an Aontas Eorpach freagairt ar shárú den sórt sin ar bhealach atá comhréireach agus d’fhonn deireadh na sáruithe a shainaithnítear san athbhreithniú ar chomhlíonadh Airteagal 2 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara a chur chun cinn. Go sonrach, i gcomhréir le hAirteagal 79, ‘Agus bearta á roghnú, tabharfar tosaíocht do na bearta sin is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe’.

Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil cás ann maidir le comhlachas Iosrael leis an gClár Fís Eorpach a chur ar fionraí go páirteach.

A luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle an Cinneadh, tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn don Chomhairle Comhlachais faoi chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a chur ar fionraí go páirteach, mar aon leis na cúiseanna práinne speisialta lena dtugtar údar cuí leis an gcinneadh sin, i gcomhréir le hAirteagal 79(2) den Chomhaontú Eora-Mheánmhara.

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ‘*lena gcuirtear an comhaontú ar fionraí* agus lena mbunaítear na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

neamhbhainteach

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, is é sin, rannpháirtíocht eintiteas Iosrael i nglaonna Luasaire CNE a chur ar fionraí, lena soláthraítear tacaíocht deontais agus infheistíochta araon d’eintitis incháilithe aonair (FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe fíorbheaga). Dealraíonn sé gur beart iomchuí agus comhréireach é comhlachas Iosrael a chur ar fionraí maidir leis na bearta sin lena bhfreagraítear ar sháruithe ar an gComhaontú Eora-Mheánmhara, ós rud é go soláthraítear tacaíocht Luasaire CNE ar ardleibhéal ullmhachta teicneolaíochta, rud a chiallaíonn gur dócha



PUBLIC

go n-imscarfar na teicneolaíochtaí a dtacaítear leo ar an margadh laistigh de thréimhse ghearr agus béim á leagan ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha agus suaiteacha.

- **An rogha ionstraime**

Ní féidir cuspóirí an togra seo a bhaint amach ach amháin trí ghníomh lena gcuirtear cur i bhfeidhm an chomhaontaithe idirnáisiúnta ar fionraí. Dá bhrí sin, tá gá le cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear an Comhaontú Comhlachais ar fionraí.

PUBLIC

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

neamhbhainteach

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déanfar measúnú ar aon impleacht bhuiséadach tríd an ngnáthshásra ranníocaíochta uathoibríoch dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhlachais

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

neamhbhainteach

2025/0250 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena gcuirtear ar fionraí go páirteach an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Iosrael, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Iosrael i gclár an Aontais, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 186 agus Airteagal 188, an dara mír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Iosrael, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Iosrael i gclár an Aontais, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) i bhfeidhm ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann. I gcomhréir leis an gComhaontú, féadfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe in Iosrael páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí indíreacha an Chláir Fís Eorpach faoi théarmaí agus coinníollacha atá coibhéiseach leis na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme maidir le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas Eorpach, lena n-áirítear urraim do bhearta sriantacha an Aontais Eorpaigh. Tá an Comhaontú bunaithe ar an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile[5], agus ar an bPrótacal lárnach a ghabhann leis maidir le comhlachas le cláir an Aontais.

(2) Sonraítear in Airteagal 2 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara gur cheart urraim a thabhairt do chearta an duine agus do phrionsabail dhaonlathacha beartas inmheánach agus idirnáisiúnta na bPáirtithe a threorú agus gur cheart iad a bheith ina n-eilimint shár-riachtanach dá gcomhar faoin gcomhaontú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 79(2) den Chomhaontú Eora-Mheánmhara go bhféadfaidh Páirtí bearta iomchuí a dhéanamh má mheasann sé gur mhainnigh an Páirtí eile oibleagáid a chomhlíonadh agus go bhféadfaidh sé gníomhú gan tuilleadh comhairliúcháin i gcásanna práinne speisialta agus go dtabharfar tosaíocht do na bearta is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe sin agus bearta á roghnú.

(4) Cáineann an tAontas ionsaithe sceimhlitheoireachta Hamas ar Iosrael, a spreag fáinne fí foréigin sa réigiún agus iarrann sé go mbeadh sos cogaidh láithreach ann in Gaza, go scaoilfí saor gach giall gan choinníoll agus go gcuirfí deireadh leis an gcoinbhleacht.

(5) Chuir an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Eachtracha an 23 Meitheamh athbhreithniú ar chomhlíonadh Airteagal 2 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara ag Iosrael. Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú go bhfuil tásca ann go mbeadh

[5] IO L 147, 21.6.2000, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2000/384/oj .

Iosrael ag sárú a oibleagáidí maidir le cearta an duine faoi Airteagal 2 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara.

(6) Lena idirghabháil i Stráice Gaza agus leis an tubaiste dhaonnúil a d'eascair as sin, lena n-áirítear bás na mílte sibhialtach agus méadú tapa ar líon na leanaí ar a bhfuil míchothú tromchúiseach atá ag scaipeadh, go sonrach, tá cearta an duine agus an dlí daonnúil á shárú ag Iosrael agus, dá bhrí sin, tá sé ag sárú prionsabal fíor-riachtanach den chomhar idir an tAontas agus Iosrael faoin gComhaontú Eora-Mheánmhara.

(7) Is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 79(2) den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, arna léamh i gcomhar le dlí idirnáisiúnta an ghnáis mar a chódaítear in Airteagal 60 de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí idir Stáit agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta nó idir Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, an Comhaontú a chur ar fionraí go páirteach mar gheall ar shárú ábhartha ag Iosrael ar Airteagal 2 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, agus mar ábhar práinne speisialta.

(8) Ní dhéanfar difear díréireach d'fheidhmiú an Chomhaontaithe ós rud é nach ndírítear leis ar an gcomhar agus an t-idirphlé foriomlán idir an tAontas agus Iosrael maidir le taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh, ach tá sé dírithe ar ghlaonna Luasaire CNE a chur ar fionraí go sealadach, lena soláthraítear tacaíocht deontais agus infheistíochta araon d'eintitis incháilithe aonair (FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe fíorbheaga). Dealraíonn sé gur beart iomchuí comhréireach é comhlachas Iosrael a chur ar fionraí maidir le bearta den sórt sin lena bhfreagraítear ar sháruithe ar an gComhaontú Eora-Mheánmhara.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Iosrael, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Iosrael i gclár Fís Eorpach an Aontais a chur ar fionraí go páirteach ionas nach mbeidh na heintitis dhlítheanacha atá bunaithe in Iosrael incháilithe chun páirt a ghlacadh i nglaonna ar thacaíocht deontais agus infheistíochta faoi Luasaire CNE Fhís Eorpach ó dháta éifeachta na fionraíochta.

Ní dhéanfar difear do chomhaontuithe leanúnacha le heintitis atá bunaithe in Iosrael maidir le tacaíocht ó Luasaire CNE. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfionraíocht tríocha lá féilire tar éis lá a fógartha chuig an gComhairle Comhlachais.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*